Uimhir 22 *de* 1992

ACHT AN REIFRINN (LEASÚ) (UIMH. 2), 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Reifrinn bhunreachta i ndáil le leasuithe ar Airteagal 40.3 den Bhunreacht.

2. Alt 2 d'Acht an Reifrinn (Leasú), 1992, a shrianadh.

3. Foirmeacha páipéar ballóide.

4. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Toghcháin, 1963	1963, Uimh. 19
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1972	1972, Uimh. 4
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1985	1985, Uimh. 12
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986	1986, Uimh. 35
Acht an Reifrinn, 1942	1942, Uimh. 8
Acht an Reifrinn (Leasú), 1992	1992, Uimh. 8
Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992	

Uimhir 22 *de* 1992

ACHT AN REIFRINN (LEASÚ) (UIMH. 2), 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ACHTANNA AN REIFRINN, 1942 GO 1992.

[30 *Deireadh Fómhair*, 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Reifrinn bhunreachta i ndáil le leasuithe ar Airteagal 40.3 den Bhunreacht.

1.—I reifrinn bhunreachta i ndáil leis an Dóú Leasú Déag, leis an Tríú Leasú Déag agus leis an gCeathrú Leasú Déag ar an mBunreacht maidir le hAirteagal 40.3 den Bhunreacht—

(*a*) beidh i gcárta vótaíochta a chuirfear amach faoi alt 64 (1) den Acht Toghcháin, 1963, arna leasú le halt 3 den Acht Toghcháin (Leasú), 1985, na ráitis atá leagtha amach san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an alt seo;

(*b*) déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil do dháilcheantar cóipeanna de na ráitis dá dtagraítear i *mír (a)* den alt seo a chur freisin chuig gach toghthóir a bhfuil a ainm ar chlár na dtoghthóirí uachtaráin don dáilcheantar sin agus ar liosta na bpostvótálaithe don dáilcheantar sin an tráth céanna a chuirfear chuige a pháipéir bhallóide do na vótaíochtaí sna reifrinn;

(*c*) déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil do dháilcheantar cóipeanna de na ráitis dá dtagraítear i *mír (a)* den alt seo a chur freisin chuig gach toghthóir a bhfuil a ainm ar chlár na dtoghthóirí uachtaráin don dáilcheantar sin agus ar an liosta vótálaithe speisialta (de réir bhrí an Achta Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986) don dáilcheantar sin agus cuirfear iad in am trátha le go seachadfar iad i ngnáthchúrsa an phoist sula seachadfar na doiciméid dá dtagraítear in alt 10 (1) den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986, sin ar an toghthóir lena mbaineann;

(*d*) cuirfidh oifigeach ceannais cóipeanna de na ráitis dá dtagraítear i *mír (a)* den alt seo ar taispeáint ina stáisiún vótaíochta agus i maighne a stáisiún vótaíochta:

Ar choinníoll nach mbeidh reifreann ó bhail dlí mar gheall ar aon mhainneachtain cóipeanna den sórt sin a chur ar taispeáint in aon stáisiún vótaíochta nó i maighne aon stáisiún vótaíochta;

A.1

(*e*) le linn Riail 18 (a cuireadh isteach leis an Acht Toghcháin, 1963) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht an Reifrinn, 1942, a bheith á feidhmiú, cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (5)—

"(5) (*a*) Má bhíonn páipéar ballóide le marcáil de bhun mhír (3) den Riail seo, féadfaidh an t-oifigeach ceannais cuidiú leis an vótálaí tríd an togra a bheidh luaite sa pháipéar ballóide a léamh amach go hiomlán as an bpáipéar ballóide agus trína fhiafraí den vótálaí 'Cé acu a thoilíonn tú nó nach dtoilíonn tú le dlí a dhéanamh den Bhille sin?' agus déanfaidh sé ansin, mura cás é lena mbaineann fomhír (*b*) den mhír seo, an páipéar ballóide a mharcáil de réir fhreagra an vótálaí, ach ní ghníomhóidh sé de réir aon treorach scríofa.

(*b*) Mura dtuigfidh an vótálaí brí na ceiste sin, nó mura dtabharfaidh sé freagra ar an gceist, déanfaidh an t-oifigeach ceannais mar a leanas—

(i) léifidh sé don vótálaí an ráiteas sin ar an togra is ábhar don reifreann atá leagtha amach sa Chuid iomchuí den *Fhoscríbhinn* a ghabhann le *halt 1 d'Acht an Reifrinn (Leasú) (Uimh. 2), 1992*,

(ii) fiafróidh sé ansin den vótálaí 'Cé acu is mian leat a dhéanamh - vótáil i bhfabhar an togra chun an Bunreacht a leasú nó vótáil i gcoinne an togra chun an Bunreacht a leasú?', agus

(iii) marcálfaidh sé an páipéar ballóide ansin de réir fhreagra an vótálaí, ach ní ghníomhóidh sé de réir aon treorach scríofa.''.

FOSCRÍBHINN

Cuid I

1. Féadfaidh tú vótáil sna Reifrinn ar thrí thogra:

Páipéar Ballóide Bán

Ceart chun Beatha

An Bille um an Dóú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992. Is é atá beartaithe leis an mBille seo Airteagal 40 den Bhunreacht a leasú tríd an téacs seo a leanas a chur le fo-alt 3° d'alt 3 den Airteagal sin:

"Beidh sé aindleathach beatha beo gan breith a fhoirceannadh mura rud é gur gá an foirceannadh sin chun beatha, ar leith ó shláinte, na máthar a shábháil i gcás breoiteacht nó neamhord a bheith ar an máthair is cúis le baol réadach substaintiúil dá beatha, nach baol féindíothaithe é.''.

Páipéar Ballóide Uaine A.1

Taisteal

An Bille um an Tríú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992. Is é atá beartaithe leis an mBille seo Airteagal 40 den Bhunreacht a leasú tríd an mír seo a leanas a chur le fo-alt 3° d'alt 3 den Airteagal sin:

"Ní theorannóidh an fo-alt seo saoirse chun taisteal idir an Stát agus stát eile.".

Páipéar Ballóide Bándearg

Faisnéis

An Bille um an gCeathrú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992. Is é atá beartaithe leis an mBille seo Airteagal 40 den Bhunreacht a leasú tríd an mír seo a leanas a chur le fo-alt 3° d'alt 3 den Airteagal sin:

"Ní theorannóidh an fo-alt seo saoirse chun faisnéis a fháil nó a chur ar fáil sa Stát maidir le seirbhísí atá ar fáil go dleathach i stát eile ach sin faoi chuimsiú cibé coinníollacha a fhéadfar a leagan síos le dlí.".

2. MÁ THOILÍONN TÚ leis an togra sa Bhille lena mbaineann an páipéar ballóide, cuir X os coinne an fhocail TÁ ar an bpáipéar.

3. MURA dTOILÍONN TÚ leis an togra sa Bhille lena mbaineann an páipéar ballóide, cuir X os coinne an fhocail NÍL ar an bpáipéar.

4. Is féidir cóipeanna de na Billí a iniúchadh saor in aisce, agus is féidir iad a cheannach ar dhá phingin an ceann, in aon Phost-Oifig.

CUID II

1. You may vote at the Referenda on three proposals:

White Ballot Paper

Right to Life

The Twelfth Amendment of the Constitution Bill, 1992 proposes to amend Article 40 of the Constitution by the addition of the text here following to subsection 3° of section 3 thereof:

"It shall be unlawful to terminate the life of an unborn unless such termination is necessary to save the life, as distinct from the health, of the mother where there is an illness or disorder of the mother giving rise to a real and substantial risk to her life, not being a risk of self-destruction.".

Green Ballot Paper

Travel

The Thirteenth Amendment of the Constitution Bill, 1992 proposes to amend Article 40 of the Constitution by the addition

A.1

of the paragraph here following to subsection 3° of section 3 thereof:

"This subsection shall not limit freedom to travel between the State and another state.".

Pink Ballot Paper

Information

The Fourteenth Amendment of the Constitution Bill, 1992 proposes to amend Article 40 of the Constitution by the addition of the paragraph here following to subsection 3° of section 3 thereof:

"This subsection shall not limit freedom to obtain or make available, in the State, subject to such conditions as may be laid down by law, information relating to services lawfully available in another state.".

2. IF YOU APPROVE of the proposal in the Bill to which the ballot paper relates, mark X opposite the word YES on the paper.

3. IF YOU DO NOT APPROVE of the proposal in the Bill to which the ballot paper relates, mark X opposite the word NO on the paper.

4. Copies of the Bills can be inspected free of charge, and purchased for two pence each, at any Post Office.

Alt 2 d'Acht an Reifrinn (Leasú), 1992, a shrianadh.

2.—Ní bheidh feidhm ag alt 2 d'Acht an Reifrinn (Leasú), 1992, maidir leis na reifrinn dá dtagraítear in *alt 1* den Acht seo.

Foirmeacha páipéar ballóide.

3.—Leasaítear leis seo an tAcht Toghcháin, 1963—

(*a*) maidir le reifreann bunreachta i ndáil leis an mBille um an Dóú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992, trí—

"CEART CHUN BEATHA - RIGHT TO LIFE"

a chur isteach i dtosach éadan fhoirm an pháipéir ballóide atá leagtha amach i gCuid I den Cheathrú Sceideal (a cuireadh isteach leis an Acht Toghcháin (Leasú), 1972);

(*b*) maidir le reifreann bunreachta i ndáil leis an mBille um an Tríú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992, trí—

"TAISTEAL - TRAVEL"

a chur isteach i dtosach éadan fhoirm sin an pháipéir ballóide;

agus

(*c*) maidir le reifreann bunreachta i ndáil leis an mBille um an gCeathrú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992, trí—

"FAISNÉIS - INFORMATION"

a chur isteach i dtosach éadan fhoirm sin an pháipéir ballóide. A.3

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

4.—(1) Féadfar Acht an Reifrinn (Leasú) (Uimh. 2), 1992, a ghairm den Acht seo.

(2) Folóidh an comhlua, Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992, an tAcht seo agus forléireofar na hAchtanna sin agus an tAcht seo mar aon ní amháin.